

Tuarascáil maidir leis an Athbhreithniú ar an úsáid a bhaintear as Caonach Móna i dTionscal na Gairneoireachta

Réamhrá

Tá an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna ar cheann de shraith beart atá leagtha amach chun cuidiú le tailte móna na hÉireann a bhainistiú, a chaomhnú agus a athnuachan. I nGníomh 5 den Straitéis, éilítear Athbhreithniú ar an úsáid a bhaintear as Caonach Móna i dTionscal na Gairneoireachta. Bunaíodh grúpa oibre, comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun Páipéar Saincheisteanna a ullmhú do chomhairliúchán poiblí. Rinneadh an Páipéar Saincheisteanna ar an Athbhreithniú ar an úsáid a bhaintear as Caonach Móna i dTionscal na Gairneoireachta a fhoilsiú an 9 Deireadh Fómhair 2019 agus cuireadh fáilte roimh aighneachtaí go dtí an 31 Eanáir 2020. Fuarthas 34 aighneacht ó raon daoine, ón Earnáil Comhshaoil, ón Earnáil Tionscail agus ó Chomhlachtaí Comhairleacha.

Tá achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas le fáil in Aguisín 1. Tá cóip de gach aighneacht le fáil ar www.npws.ie agus ar www.chg.gov.ie.

Tugadh na buntáistí agus míbhuntáistí a bhainfeadh le deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as caonach móna i dTionscal na Gairneoireachta ar aird sna haighneachtaí, mar a leanas:

Buntáistí atá le deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as caonach móna i dTionscal na Gairneoireachta

Aithnítear caomhnú gnáthóg agus speiceas, tionchar ar cháilíocht an uisce, an cath i gcoinne téamh domhanda agus athrú aeráide mar na buntáistí is mó a bheadh le deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as caonach móna i dTionscal na Gairneoireachta. Bhí siadsan a chuir leis an bpáipéar agus a bhí i bhfabhar deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as caonach móna ag iarraidh go mbainfí úsáid as malairt ábhair den chuid is mó agus luann múirín glas agus coighir ar roghanna a bhféadfaí dul ina muinín. Tuigtear sa tionscal go dteastaíonn athrú ach mothaítear go gcaithfidh sin a bheith tomhaiste. Tá inní ann dul i muinín roghanna nach mbeadh inbhuanaithe, a bheadh costasach nó nach bhféadfaí brath orthu. Luaitear Riascshaothrú agus Móin Sfagnaim a shaothrú mar mhalairt freisin. Tá na cleachtais sin á bhfiosrú faoi láthair agus tástáil á déanamh orthu - d'fhéadfadh gur bealach inbhuanaithe chun cinn a bheadh iontu seo i gcomhar le roghanna eile.

Áirítear ar shamplaí dearfacha a tógadh as na haighneachtaí:

- Dá n-éireofaí as ag úsáid móna i ngairneoireacht, chuideodh sin le hathrú aeráide a mhaolú mar go gcuirfeadh sin deireadh le scaoileadh an charbóin atá coinnithe i dtailte móna agus laghdódh sin astaíochtaí gáis ceaptha teasa na tíre.
- Chuideodh athghiniúint na bportach le linnte dé-ocsaíde carbóin a thabhairt ar ais agus leis sin d'fheabhsódh cáilíocht an uisce agus an aeir.
- Thabharfadh athnuachan na dtailte móna deis do ghnáthóga agus do speicis teacht chucu féin agus leis sin thiocfadh feabhas ar sheirbhísí éiceachórais a bhaineann leis na portaigh.

- Le hathnuachan na dtailte móna, bheadh fostaíocht ar fáil d'oibrithe a bhíodh ag obair i dtionscal na móna.
- Thabharfaí na tailte móna athnuaithe ar ais do na pobail mar limistéir áineasa agus bhainfí leas astu chun éiceathurasóireacht a chur chun cinn sna háiteanna atá i gceist a chuideodh freisin le geilleagair na gceantar sin.
- Má dhéantar caomhnú ar a bhfuil fanta de na tailte móna bisiúla atá ann déanfar a bhfuil fanta de thaifead seandálaíochta na tíre, ar taifead leochaileach agus ar leith é, a chaomhnú freisin.
- Ní athghineann talamh móna le linn shaolré an duine. Beidh buntáistí le fáil san am i láthair as portaigh atá ann a chaomhnú agus portaigh atá díghrádaithe a athnuachan. Ní mór gníomhú ar bhonn práinne chun tailte móna díghrádaithe a athnuachan nó a úsáid ar bhealach eile mar go nglacfaidh sé achar fada feidhmeanna éiceachórais láidre agus athspreagtha a bhunú.
- Níl poist i dTionscal na Móna inbhuanaithe, is minic gur obair shéasúrach, saothar neamhoilte agus tréimhsí gearra a bhíonn i gceist agus is deis mhaith a bheadh anseo athrú i dtreo malairt roghanna.
- D'fhéadfadh tionscal nua teacht chun cinn sa gheilleagar glas mar thoradh ar athnuachan agus ar chaomhnú - tionscal gairneoireachta orgánach inbhuanaithe mar shampla agus réimsí mar múiríniú agus malairt rogha ar mhóin a fhorbairt do lucht tionscail agus sainchaitheamh aimsire gairneoireachta.
- Spreagfadh bearta caomhnaithe agus athnuachana ar thailte móna an pobal trí chéile a bheith níos feasaí ar an gcomhshaol agus d'fhágfadh sin pobail níos forghníomhaí ó thaobh cleachtais ghlasa.

Míbhuntáistí atá le deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as caonach móna i dTionscal na Gairneoireachta

Bhí na míbhuntáistí a bhaineann le deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as caonach móna i dTionscal na Gairneoireachta bunaithe ar an gcaillteanas a bheadh ann do gheilleagair thuaithe na gceantar a bheadh i gceist ó thaobh poist agus teacht isteach ón tionscal. An fhadhb is mó atá ann do chuideachtaí atá ag plé le táirgí moinbhunaithe nach bhfuil aon mhalairt inmharthana ann ar mhóin dá dtáirgí agus nach féidir leo a bheith cinnte de na táirgí atá ar fáil, níl siad inbhuanaithe nó cosnaíonn siad roinnt mhaith níos mó. Is móin an phríomh-chomhpháirt de tháirge cuideachta i roinnt cásanna agus níl aon mhalairt uirthi. Tá an cineál seo tionscail suite in áiteanna a bhfuil an t-amhábh ar fáil go réidh agus má chuirtear deireadh leis an amhábh sin ní bheidh aon ghá a bheith suite sna háiteanna sin agus beidh tionchar dá réir ar an ngeilleagar áitiúil.

Tá cuideachtaí atá i mbun bia a tháirgeadh - torthaí boga agus tionscal na muisiriún mar shampla - ag baint úsáid cheana féin as ábhar malartach in ionad céatadán áirithe den mhóin a úsáidtear ach ó tharla nach bhfuil teacht ar ábhar nó mar gheall ar chostas níl ar a gcumas a mhéid atá siad ag brath ar chaonach móna a laghdú.

Áirítear ar shamplaí diúltacha a tógadh as na haighneachtaí:

- Ní mór feachtas feasachta a sheoladh chun an pobal a chur ar an eolas agus feasacht a chur chun cinn ar na táirgí a úsáidtear i ngairneoireacht. Tá impleachtaí ó thaobh costais ag baint leis sin.

- Poist á gcailleadh faoin tuath, áiteanna atá faoi mhíbhuntáiste mar atá. Bheadh infheistíocht mhór de dhíth chun oibrithe sa réimse seo a atraenáil agus oideachas a chur arís orthu.
- Tá roinnt de na hoibrithe ag an aois nach aon rogha dóibh traenáil agus oiliúint a fháil arís mar faoin am a mbeadh aon traenáil nó oideachas ceart faighte acu bheadh siadsan in aois scoir.
- An mbeadh an luach céanna ag dul leis na poist mhalartacha is atá na hoibrithe a shaothrú faoi láthair.
- An tréimhse ama a theastaíonn chun samhalacha nua gnó a bhunú don athrú oibre a bheadh i gceist.
- Bheadh impleachtaí móra i gceist ó thaobh costais chun an tionscal a chúiteamh i leith na gcaillteanas a thabhófaí.
- Go dtiocfadh deireadh le gníomhaíocht chultúir atá mar chuid de shaol na tuaithe in Éirinn leis na céadta bliain
- D'fhéadfadh nach bhfuil ábhar malartach atá ar fáil chomh iontaoifa agus dá bhrí sin nach féidir iad a úsáid go forleathan i ngairneoireacht tráchtála.
- Déantar dochar do chinnteacht i dtáirgeadh bia nuair a bhaintear úsáid as ábhar malartach a bhféadfadh galair achrannacha nó éilleáin a bheith ag baint leo.
- D'fhéadfadh rioscaí bithshlándála do shláinte an duine a bheith i gceist nuair a thosaítear ag úsáid ábhar malartach. Sa chás sin, ní mór monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar feadh roinnt blianta chun measúnú a dhéanamh ar riosca ionchasach ó ghalair mar legionella in ábhar a bheadh ag fás.
- Méadú ar lorg carbóin cuideachta má fhanann sí san áit a bhfuil sí ach atá anois ag tabhairt mhóna isteach ó thar lear agus dá bhrí sin costas níos airde ar an tomhaltóir.
- Costais rómhór ag baint le meaisíní atá ann a réiteach nó meaisíní nua a cheannach chun glacadh le hábhar malartach.
- Nuair a a bheidh cinneadh á ghlacadh chun ábhar malartach a úsáid ba chóir don tionscal áireamhán foinsithe stuama a úsáid. Leis sin, beifear ábalta ábhar a iniúchadh go hiomlán agus a chur i gcomparáid le haon ábhar eile ó tharla go ndéanfaidh an t-áireamhán measúnú ar gach ábhar in aghaidh na gcrítear céanna. Nuair nach bhfuil ábhar malartach á tháirgeadh san áit, beidh gá sin a iompórtáil agus dá bhrí sin cuirfidh le hastaíochtaí carbóin agus arís ar ais le fadhbanna ó thaobh na hinbhuanaitheachta.

Focal Scoir

Mar a leagtar amach sa Pháipéar Saincheisteanna agus sna haighneachtaí a fuarthas tá buntáistí agus míbhuntáistí móra ag baint le deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as caonach móna i dTionscal na Gairneoireachta. Tá an-tábhacht leis na saincheisteanna ar fad, idir dhearfach agus dhiúltach, a leagtar amach thuas. Tá roghanna deacra le déanamh - thiocfadh gach rud sa chomhaireamh nuair a bheifí ag iarraidh athrú chuig samhlacha níos inbhuanaithe cleachtas agus táirgthe ón tslí a dtugaimid féin faoin ngarraíodóireacht go dtí mar a chuirtear barra ag fás ar mhórsála tionscail. Ní mór a thuiscint go gcaithfidh cothromaíocht a bheith ann idir an luas ar féidir athruithe a thabhairt i gcrích agus an tionchar a bheadh aige ar thionscal, ar chinnteacht bia ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus an tionchar eacnamaíochta agus cultúir ar phobail áitiúla a bheadh i gceist.

Chaithfí tús áite a thabhairt do thuilleadh taighde ar ábhar mar mhalairt ar chaonach móna agus infheistíocht a dhéanamh ann chomh maith le cláir oideachais atraenála agus ní mór rogha láidir a bheith ann ó thaobh poist a bheith ar fáil nuair a bheadh an atraenáil déanta. Bhí

a bhformhór sin a chuir aighneachtaí ar aghaidh i bhfabhar grúpa oibre a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr a bhféadfaí an úsáid a bhaintear as caonach móna a laghdú i dTionscal na Gairneoireachta nó deireadh a chur léi ar fad.

Moltaí atá tagtha chun cinn ón athbhreithniú ar an úsáid a bhaintear as caonach móna i dTionscal na Gairneoireachta

Tá sé molta mar sin grúpa oibre a bhunú a mbeadh ionadaithe air ó na Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Eagraíochtaí Comhshaoil Neamhrialtais iomchuí agus geallsealbhóirí sa tionscal faoi chathaoirleacht neamhspleách chun na nithe seo a leanas a scrúdú:

- Deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as caonach móna san earnáil garraíodóireachta amaitéirí chun a bhfuil fanta a fhágáil le húsáid san earnáil tionscail chun triail a thabhairt malairt ábhair a fhorbairt, a thabharfadh cinnteacht ó thaobh bia agus sa tionscal.
- Deireadh a chur de réir a chéile leis an úsáid a bhaintear as caonach móna i dTionscal na Gairneoireachta thar thréimhse aontaithe blianta agus dáta deiridh socraithe a bheith ann.
- Airgead agus tacaíocht a bheith ar fáil d'oibrithe nach féidir freastal ar a gcuid scileanna agus sna tionscail mhalartacha atá á moladh.
- Infheistíocht i dtaighde breise maidir le forbairt, oideachas agus úsáid ábhair mar mhalairt ar chaonach móna - coirt, snáithín adhmaid, coighir, bithsholaid, raitheach agus múirín glas, péirlít, vermicilít, olann charraige agus cré gairneoireachta agus i modhanna nua feirmeoireachta mar Riascshaothrú agus Móin Sfagnaim a shaothrú.
- Uas-sciliú a dhéanamh ar an lucht saothair atá ann chun na portaigh atá ann a athghiniúint lena n-úsáid do Riascshaothrú, Éiceathurasóireacht, Feirmeoireacht Charbóin agus Feirmeoireacht Crann de réir mar is cuí chun na torthaí timpeallachta is fearr a bhaint amach.
- Luach na bportach inbhuanaithe atá ann mar linnte dé-ocsaíde carbóin a thomhais agus ansin margadh carbóin a aimsiú chun úinéirí agus oibreoírí tailte móna a spreagadh chun na sócmhainní atá acu a chaomhnú, a athfhliuchadh nó a athnuachan.
- An pobal a chur ar an eolas maidir leis na tairbhí a bheadh leis an méid atá beartaithe lena n-áirítear tairbhí comhshaoil, eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus tairbhí sláinte poiblí.